

Dé Máirt, an 8 Meitheamh, 2021

Capaillíní ina gcónaí leis an Uachtarán don samhradh!



capall agus searrach óg

Le déanaí, tháinig capaillín Chonamara agus a **searrach** le ceithre mhí a chaitheamh ag ithe féir sna páirceanna a bhaineann le hÁras an Uachtaráin.

Chuir an tUachtarán é féin fáilte rompu. Ní raibh na madraí - Bród agus Misneach - leis ag an am, ach seans gur bhuail siad leis na capaillíní ó shin.

Tá a lán ainmhithe difriúla, éin dhifriúla agus plandaí difriúla sna páirceanna seo. Agus na capaillíní ag ithe, seans go mbeidh forbairt air seo agus go mbeidh níos mó ainmhithe, éan agus plandaí ann amach anseo.

Cúl neamhghnách sa tSraith Náisiúnta

An mhí seo caite thosaigh na cluichí sa tSraith Náisiúnta peile, iomána agus camógaíochta.

De bharr an choróinviris níl lucht féachana ann do chuid mhór de na cluichí. Agus bíonn dhá shos uisce le linn an chluiche, chun deis a thabhairt do na himreoirí deoch a fháil.

Bhí Ros Comáin agus an Dún ag imirt i Sraith Peile na mBan ar an 31 Bealtaine. Bhí sos uisce acu sa chéad leath agus bhí na mná ó Chontae an Dúin níos tapúla ag fillleadh ar an bpáirc. Cé nach raibh foireann Ros Comáin ar an bpáirc, thosaigh an cluiche agus fuair an Dún cúl ón imirt.

Cé gur éirigh leis an Dún an cúl aisteach seo a fháil, bhí an bua ag mná Ros Comáin leis an scór 5-15 i gcoinne 3-12.



Cá bhfuil imreoirí Ros Comáin?



rosualt

Wally an rosualt ag taisteal go fóill

Bhí cónaí ar Wally an **rosualt** sa Ghraonlainn, ach le tamall anuas tá sé ag taisteal ó thír go tír. Is rosualt an-mhór é agus deir eolaithe go bhfuil sé chomh mór le bó bhainne.

I mí an Mhárta, bhí sé ar na carraigeacha ar Oileán Dairbhre i gContae Chiarraí. Ina dhiaidh sin, chaith sé roinnt ama sa Bhreatain Bheag sular thaistil sé go deisceart na Fraince.

Tá eolaithe buartha go leanfaidh sé leis ag taisteal ó dheas agus go mbeidh an t-uisce róthe d'ainmhithe atá cleachta le huisce na Graonlainne.

